

DEIMHNIÚ MARTHANACH
TOILIÚ DEONTÓRA CHUN FAISEAMH CÁNACH IONCAIM A DHEONÚ DO CHARTHANAS
AGUS COMHLACHTAÍ CEADAITHE EILE

Ba chóir go mbeadh an fhoirm seo:

- comhlánaithe ag deontóirí, ar daoine aonair iad, ar mian leo ligean do charthanas a bhfaoiseamh cánach a éileamh le haghaidh tabhartais

AGUS

- nuair a bheidh sé comhlánaithe, ba chóir go dtabharfaí é go díreach don charthanas / don chomhlacht ceadaithe

Tabhair do d'aire: Má chomhlánaíonn tú agus má chuireann tú an fhoirm seo faoi bhráid carthanas nó comhlachta cheadaithe, tá tú ag ligean don charthanas / don chomhlacht ceadaithe cuid de d'fhaoiseamh cánach pearsanta nó é go léir a éileamh do na blianta ábhartha (féach Nótaí Treorach thíos)

COMHLÁNAIGH IN BLOCLITREACHA

Ainm an Deontóra:

UPSP:

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Seoladh (Eircod san áireamh):

Uimhir Fóin:

Seoladh Ríomhphoist:

Ainm an charthanas incháilithe nó an chomhlachta cheadaithe eile (ar a dtugtar comhlacht ceadaithe):

An chéad bhliain chánach lena mbaineann an deimhniú seo:

2	0		
---	---	--	--

Tuigim an méid seo a leanas,

- Níl aon oibleagáid orm an fhoirm seo a chomhlánú maidir le mo thabhartais
- Tá an deimhniú seo bailí don bhliain chánach thuas agus do gach ceann de na ceithre bliana cánach dá éis sin, mura dtugaim fógra don chomhlacht ceadaithe go bhfuil sé curtha ar ceal.
- Féadfaidh an comhlacht ceadaithe iarratas a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim ar mo fhaoiseamh ó cháin ioncaim phearsanta i leith mo thabhartais le linn shaolré an deimhniú seo agus ní fhéadfaim aon cháin a aisíocadh leis an gcomhlacht a éileamh, ná ní fhéadtar í a aisíoc liom, ná le haon chomhlacht ceadaithe eile.
**féach an sampla thíos.*
- Tugaim cead don chomhlacht ceadaithe mo UPSP a úsáid ach amháin chun m'fhaoiseamh cánach ioncaim phearsanta a éileamh i leith mo thabhartais le linn shaolré an deimhniú mharthanaigh seo nó le linn saolré deimhniú mharthanaigh athnuaite.
- Ní mór dom a bheith cónaitheach sa Stát i gcás gach ceann de na blianta cánach ina ndéanaim tabhartas.
- Ní mór gurb ionann mo thabhartais agus €250 ar a laghad i mbliain chánach agus a bheith i bhfoirm airgid agus/nó urrús ainmnithe agus nach mbeidh feidhm ag faoiseamh ó cháin ioncaim maidir le comhiolán mo thabhartais do chomhlacht nó do chomhlachtaí ceadaithe de bhreis ar €1,000,000 i mbliain chánach amháin.
- Ní fhéadaim, ná ní fhéadann aon duine bainteach liom, sochar a fháil ón gcomhlacht ceadaithe de thoradh ar thabhartas a thabhairt.
- Ní fhéadfaidh mo thabhartas a bheith faoi réir coinníll maidir le haisíocaíocht ná ní fhéadfaidh sé a bheith faoi réir coinníll maidir le nó bainteach le fáil na maoinne ag an gcomhlacht ceadaithe seachas mar bhronntanas, uaimse nó ó dhuine a bhfuil baint aige nó aici liom.
- Beidh suim mo thabhartas bliantúil comhiolán do chomhlacht (nó comhlachtaí) ceadaithe a bhfuil baint agam leo (féach Nótaí) do shuim arb ionann é agus 10% de m'ioncam iomlán don bhliain chánach i gceist agus ní bheidh feidhm ag faoiseamh ó cháin ioncaim le haon tabhartas de bhreis ar an tsuim sin.
- Ní mór dom cáin ioncaim a íoc d'aon bhliain chánach ina dtugaim tabhartas de shuim arb ionann é agus an cháin ioncaim ar shuim chomhlán na dtabhartas ionas go bhfaighidh an comhlacht ceadaithe aisíocaíocht chánach (féach Nótaí).
- Faoiseamh ó cháin ioncaim is ea faoiseamh faoin scéim seo i leith tabhartais ó dhaoine aonair.

Cuir tic sa bhosca má tá baint agat leis an gcomhlacht ceadaithe atá ainmnithe sa deimhniú seo

(féach nóta 6 thíos)

Tá tú bainteach le comhlacht ceadaithe más fostaí nó ball den chomhlacht thú, nó comhlacht ceadaithe eile a bhfuil baint aige leis an gcomhlacht ag an am a thugann tú tabhartas.

Síniú:

Dáta:

L	L	M	M	B	B
---	---	---	---	---	---

CUIR DO DHEIMHNIÚ COMHLÁNAITHE AR AGHAIDH CHUIG AN GCOMHLACHT CEADAITHE

Nótaí Treorach i leith an Deimhniú Marthanach a chomhlánú

Feidhmíonn an Scéim Tabhartas Carthanúil faoi fhorálacha alt 848A den Acht Comhdhlúite Cánacha (ACC) 1997. Foráiltear sa rannán seo do scéim faoisimh cánach aonfhoirmeach le haghaidh tabhartais do chomhlachtaí ceadaithe.

Foráiltear sa reachtaíocht go bhféadfaidh deontóirí ar fostaithe ÍMAT nó féinmheasúnaithe iad, a bhfaoiseamh cánach pearsanta a dheonú freisin maidir le tabhartais charthanúla don charthanas / don chomhlacht ceadaithe, más mian leo é sin a dhéanamh. Chun críocha na Scéime Tabhartas Carthanúil (STC) déantar an tabhartas a chomhlánú suas ag ráta 31%. Meastar go bhfuair an comhlacht ceadaithe an tsuim chomhlán ghlán ó cháin asbhainte.

Tá sé tábhachtach a thabhairt do d'aire nach bhfuil deontóir i dteideal aisíocaíocht a fháil ar aon chuid den cháin a aisíocadh leis an gcomhlacht ceadaithe faoin scéim seo. Airítear leis seo éilimh ar fhaoiseamh cánach i leith costas leighis.

Féach sampla.

Sampla

Thug Siubhán tabhartas airgid €1,000 do chomhlacht ceadaithe sa bhliain chánach 2022. Faoin scéim seo meastar go bhfuair an comhlacht tabhartas €1,449.27 (€1,000 comhlán ag 31%) lúide cáin asbhainte de €449.27.

Tá Deimhniú Marthanach sínithe ag Siubhán chun ligean dá faoiseamh cánach a bheith deonaithe ar an gcarthanas.

Má d'íoc Siubhán ar a laghad €449.27 de Cháin Ioncaim in 2022, féadfaidh an comhlacht ceadaithe aisíocaíocht den tsuim sin a fháil. Féadtar é seo a éileamh tar éis dheireadh na bliana cánach 2022.

Ní fhéadann an tsuim a aisíocadh le comhlacht ceadaithe a bheith níos mó ná an tsuim chánach a d'íoc an deontóir don bhliain i gceist. Más é €350 dliteanas cánach ioncaim Shiubhán do 2022, agus má tá an tsuim seo íoctha aici, tá an aisíocaíocht leis an gcomhlacht ceadaithe teoranta don tsuim sin.

Níl Siubhán i dteideal aisíocaíocht a fháil ar aon chuid den cháin a aisíocadh leis an gcomhlacht ceadaithe.

Mar shampla, má bhí costais leighis ag Siubhán in 2022 ach má tá Deimhniú Marthanach tíolactha aici cheana féin, ní fhéadann sí faoiseamh cánach ioncaim a fháil ach amháin ar an méid cánach a d'íoc sí, lúide an faoiseamh cánach a aisíocadh leis an gcomhlacht ceadaithe.

1. Comhlachtaí ceadaithe

Is comhlachtaí ceadaithe iad seo a leanas chun críocha na scéime faoisimh cánach le haghaidh tabhartas:

- carthanas incháilithe, is é sin, aon charthanas atá údaraithe ag na Coimisinéirí Ioncaim chun an scéim faoisimh cánach seo a oibriú;
- institiúidí nó comhlachtaí oideachais, lena n-áirítear cinn bhunleibhéil, dara leibhéal nó tríú leibhéal, mar atá cur síos déanta orthu i gCuid 1 de Sceideal 26A den ACC, 1997;
- comhlacht atá ceadaithe don Oideachas sna hEalaíona ag an Aire Airgeadais, mar atá leagtha amach i gCuid 2 de Sceideal 26A den ACC, 1997;
- eagraíochtaí a chuireann cearta daonna chun cinn mar atá sonraithe faoi Alt 209 den ACC 1997.

Tá liosta de charthanais chónaitheacha agus neamhchónaitheacha atá údaraithe chun críocha an STC ar fáil ag:

<https://www.revenue.ie/ga/companies-and-charities/charities-and-sports-bodies/charitable-donation-scheme/index.aspx>

2. Deimhniú Marthanach

Níl dualgas ort Deimhniú Marthanach a chomhlánú i leith do chuid tabhartas. Má roghnaíonn tú d'fhaoiseamh cánach a dheonú, féadtar foirm Deimhniú Marthanach a chomhlánú maidir le cuid de na comhlachtaí ceadaithe nó iad go léir a ndéanann tú tabhartais dóibh. Tá an t-údarú seo bailí ar feadh

tréimhse cúig bliana. Féadfaidh tú é a chealú roimh deireadh na tréimhse sin. Mar a léirítear thuas, ní fhéadfaidh an deontóir aon fhaoiseamh a éilíonn an carthanas a éileamh ina dhiaidh sin trí bhearta laghaithe cánach eile (mar shampla, le haghaidh costais leighis).

3. Deimhniú Marthanach a athnuachan nó a chealú

Féadfaidh an comhlacht ceadaithe teagmháil a dhéanamh leat maidir le do deimhniú a athnuachan. De rogha air sin, féadfaidh tú moladh don chomhlacht i gceist é a athnuachan. Más mian leat do dheimhniú a chealú ní mór duit an comhlacht ceadaithe a chur ar an eolas.

4. Tairseacha chun críocha faoisimh cánach ar na suimeanna a deonaíodh

Ní bhaineann na teorainneacha a luaitear ar leathanach 1 ach amháin chun críocha faoiseamh cánach ar do thabhartais. Ní chuireann siad aon srianta ar an tsuim a fhéadtar a dheonú do chomhlacht ceadaithe.

5. Tabhartas "urrús ainmnithe" (scaireanna luaite nó bintiúir)

I gcás tabhartas 'urrús ainmnithe' do charthanas, ní mór gur íoc an deontóir an cháin ghnóchan caipitiúil ábhartha ar an diúscairt, chomh maith le a dhóthain cánach ioncaim chun go n-éileoidh an carthanas faoiseamh cánach iomlán ar an tabhartas. (Tabhair do d'aire – ní fhéadtar an faoiseamh a éileamh i gcoinne aon dliteanais cánach gnóthachan caipitiúil, ach amháin i gcoinne dliteanas cánach ioncaim)

*Is urrúis ainmnithe iad scaireanna luaite agus bintiúir.

6. Bainteach le comhlacht ceadaithe

Tá tú bainteach le comhlacht ceadaithe más fostaí nó ball den chomhlacht sin thú, nó comhlacht ceadaithe eile a bhfuil baint aige leis an iar-chomhlacht ag an am a thugann tú tabhartas. Meastar go bhfuil baint ag comhlacht ceadaithe amháin le comhlacht eile dá bhféadfaí an méid seo a leanas a mheas go réasúnach:

- go bhfuil na gníomhaíochtaí nó go bhféadfaidh na gníomhaíochtaí a dhéanann an dá chomhlacht a bheith faoi stiúir an duine céanna nó an ghrúpa nó grúpaí daoine céanna den chuid is mó, nó
- go bhféadfaidh an duine céanna nó an grúpa nó grúpaí daoine céanna den chuid is mó smacht a bheith acu ar an dá chomhlacht.

Ba chóir duit an comhlacht ceadaithe a chur ar an eolas faoi aon athruithe do do cheangal leis an gcomhlacht sin le linn shaolré do dheimhniú.

Ní fhéadann comhiomlán do thabhartas i mbliain chánach do gach comhlacht ceadaithe a bhfuil baint agat leis a bheith sa bhreis ar 10% de d'ioncam iomlán don bhliain sin. Ní mheastar gur tabhartais chúil iad suimeanna na dtabhartas sin os cionn na teorann 10%. Níl faoiseamh cánach ar fáil ar an mbreis sin.

Tuilleadh Eolais

Féadtar tuilleadh eolais maidir leis an Scéim Tabhartas Carthanúil a fháil ar:

Suíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim <https://www.revenue.ie/ga/companies-and-charities/charities-and-sports-bodies/charitable-donation-scheme/index.aspx>

Fón: 01 738 3688

Ríomhphost ag úsáid seirbhís M'Fhiosruithe atá ar fáil in ROS nó mo@chúrsaí

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfidimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár **leathanach Príobháideachas** ar www.revenue.ie. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.